# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Roxana MÎNZATU

## An Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht

### 1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí pearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Is iad an tsíocháin agus an rathúnas gealltanas an Aontais Eorpaigh seo againne, Aontas atá uathúil ó thaobh na staire de agus atá bunaithe ar mheascán cumhachtach an iomaíochais agus shamhail shóisialta na hEorpa: tá sé de dhualgas orainne an gealltanas sin a chomhlíonadh.

Rugadh sa Rómáin mé, le linn na ré is dorcha den deachtóireacht chumannach. Is i mo bhaile dúchais féin, Brașov, a tharla na chéad éilimh misniúla poiblí ar shaoirse agus ar cheartas sóisialta, an 15 Samhain 1987. Cé go ndearna an réimeas cumannach luíochán roimh an éirí amach sin, spreagadh an léaró dóchais céanna an athuair i mí na Nollag 1989, nuair a tharla réabhlóid na Rómáine, agus réitíodh an bealach do mo thír dul ar mhalairt treo, treo ina raibh an tAontas Eorpach ina ghealltanas agus ina aisling araon. Na híobairtí daonna sin ar son luachanna agus cearta atá ina ndlúthchuid den Aontas, mar shampla, dínit an duine, an daonlathas, an tsaoirse, an ceartas, an smacht reachta, ba chompás agus b'inspioráid iad sin dom féin agus do mo ghlúin riamh anall, glúin atá tar éis maireachtáil trí chrosbhóthar ár gcinniúna polaitiúla. Tá an-dul chun cinn déanta ag an Rómáin agus ag an Aontas araon le beagnach leathchéad bliain anuas. Ba mhór an onóir dom é, dá bhrí sin, a bheith páirteach i ngach a bhfuil romhainn amach.

Tá breis agus 20 bliain de thaithí ghairmiúil bainte amach agam i ngnóthaí Eorpacha. Tá an taithí sin faighte agam ar leibhéil éagsúla, ina measc an Chomhairle Contae, an Pharlaimint Náisiúnta, an rialtas náisiúnta, agus Parlaimint na hEorpa. Thug an taithí sin léargas domhain dom ar acmhainneacht an Aontais, agus ar an méid is gá dúinn a dhéanamh chun barr a chumais a bhaint amach. Agus mé i m'Aire nó Státrúnaí, rinne mé cláir na Rómáine faoi Chiste Sóisialta na hEorpa a chomhordú, agus chuir mé beartais agus athchóirithe chun feidhme, mar shampla, athchóiriú sistéamach ar sholáthar poiblí na Rómáine, nó reachtaíocht agus infheistíocht a chuideodh leis na daoine is díothaí, le daoine faoi mhíchumas agus lena lánpháirtiú i margadh an tsaothair, agus a mbeadh saol níos fearr do chách mar thoradh orthu. Rinne mé ionadaíocht do mo thír sa Chomhairle. Is le paisean, uaillmhian, freagracht agus dáimh a chomhlíonaim mo dhualgas i gcónaí, agus mé ag freastal ar riachtanais na ndaoine trí bheartais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, agus mé i mo Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, tá sé ar intinn agam an paisean agus an uaillmhian chéanna a úsáid chun tairbhe do chur chun feidhme na dTreoirlínte Polaitiúla, i dtaca leis na freagrachtaí sonracha atá ina gcuid de mo shainchúraimí agus i bhfianaise na bhfreagrachtaí comhordúcháin níos leithne atá orm mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin.

Mar Leas-Uachtarán ainmnithe um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht, tá sé de phribhléid agam gurb iad 'daoine', cearta daoine agus deiseanna daoine atá i gcroílár mo ghníomhaíochta polaitiúla. De réir mo Litreach Misin ón Uachtarán toghaí von der Leyen, tá sé i gceist agam oibriú le mo chomhghleacaithe sa Choláiste chun clár oibre uaillmhianach a chur ar fáil. Teastaíonn Eoraip shóisialta láidir uainn, a bhainfidh leas as reachtaíocht,

infheistíocht agus comhordú beartais chun an bhochtaineacht a chomhrac, chun an rathúnas a chur chun cinn, agus chun an chothroime a áirithiú. Ní féidir linn faillí a dhéanamh inár leanaí, mar is iad sin a thógfaidh Eoraip níos fearr agus a thairbheoidh di, ná ní féidir linn glacadh le daoine atá faoi mhíbhuntáiste a bheith coinnithe amach ónár sochaí. Leanfaidh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta dár ngníomhaíochtaí a threorú chun an Eoraip Shóisialta a fheabhsú. I bPlean Gníomhaíochta nua, plean atá beartaithe agam a mholadh in 2025, cuirfear le hidirphlé agus rannpháirtíocht athnuaite le hinstitiúidí an Aontais, leis na Ballstáit agus leis na Comhpháirtithe Sóisialta. Rachaidh mé chuig gach Ballstát chun an t-idirphlé sin a thabhairt ar aghaidh agus chun gealltanas níos láidre a bhaint amach, agus é bunaithe ar ghníomhaíocht. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm agam Comhshocrú nua maidir le hIdirphlé Sóisialta a thabhairt i gcrích, chun fuinneamh nua a spreagadh ar mhaithe le beartais Eorpacha níos éifeachtaí, agus an méid sin bunaithe ar ionchur na bpríomhghníomhaithe sóisialta.

An t-iomaíochas agus an táirgiúlacht a mhéadú, ní mór é sin a bheith fite fuaite i gcumhachtú daoine. Tá an cur chuige comhlántach sin ina bhonn le samhail shóisialta láidir. Ní féidir samhail iomaíochais inbhuanaithe a bheith ann in éagmais cearta sóisialta agus pá cuibhiúil. Is bloic thógála fhíor-riachtanacha don todhchaí iad Aontas na Scileanna, an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Chun dul i ngleic le bearnaí saothair, tá gá le cur chuige déach a bheidh bunaithe ar sholáthar agus ar inaistritheacht scileanna. Dearbhaím go láidir gur ceart sóisialta iad scileanna, agus de réir an chirt sin, go dtosaíonn an t-oideachas agus an oiliúint do chách ón óige agus go leanann siad ar feadh an tsaoil oibre ina iomláine, rud a sholáthraíonn deiseanna do dhaoine saol sásúil a bheith acu, mar aon le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch. Is tosaíocht é infheistíocht i ndaoine a chur chun feidhme trí thacaíocht ón Aontas, agus oibriú i gcomhar leis an earnáil phríobháideach chun soláthar breise scileanna a bhaint amach. Ina theannta sin, tá gá le bearta chun inaistritheacht scileanna a áirithiú. Ní bheidh aon drogall orm oibriú i dtreo creat dlíthiúil uaillmhianach chun tacú le haitheantas frithpháirteach agus leis an dul chun cinn ar fad a bhfuil gá leis maidir le caibidlíocht eile atá ar siúl agus maidir le cur chun feidhme *acquis* mhargadh an tsaothair.

Is Coimisiún infheistíochta a bheidh sa chéad Choimisiún eile. Cuimsítear leis sin infheistíocht i ndaoine. Díreoidh mé ar thairbhe a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa, Erasmus+ agus an Ciste Aeráide Sóisialta, chun mianta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach, chun aistriú cóir a áirithiú agus chun ár scileanna agus ár n-iomaíochas a mhéadú. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach na naisc idir infheistíocht agus athchóirithe a fheabhsú agus ba cheart iad araon a ailíniú le cuspóirí agus tosaíochtaí an Aontais, chun go ndíreofaí leo ar na réimsí is mó ina bhfuil gá le gníomhaíocht ón Aontas.

Tá tábhacht ar leith ag baint le hiarrachtaí foriomlána an chéad Choimisiúin eile i dtaca leis an daonlathas a chosaint agus an smacht reachta a neartú. Trí fheabhas a chur ar an ngnóthachtáil oideachais, ar an gcomhionannas agus ar chearta sóisialta, cuidítear go mór le hathléimneacht dhaonlathach agus le tacaíocht don smacht reachta a fhorbairt tráth a bhfuil bagairtí forlámhacha agus cur isteach seachtrach romhainn.

Ina theannta sin, treoróidh mé an obair chun cultúr comhtháite ullmhachta a chothú, rud a chabhróidh le daoine agus leis an tsochaí ina hiomláine dul in oiriúint do dhúshláin amach anseo, agus a ullmhóidh sinn chun freagairt go héifeachtach agus go tráthúil do bhagairtí nua a d'fhéadfadh a bheith romhainn.

Mar dhuine a thacaíonn go láidir le cearta na mban, is cúis bhróid dom a bheith páirteach i gceannaireacht na n-institiúidí Eorpacha agus braithim go bhfuil dualgas ar leith orm troid ar son an chomhionannais inscne, ós príomhluach é a chumasóidh an saol daonlathach agus geilleagar níos fearr. Geallaim go léireoidh mé trí mo chuid gníomhaíochtaí gur féidir leis an Aontas fás agus a bheith níos láidre trí chomhionannas agus dlúthpháirtíocht. Sna tionscnaimh uile a bheidh agam, beidh sé d'aidhm agam troid ar son chumhachtú na mban agus an comhionannas inscne a chur chun cinn. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Chomhionannas san iarracht seo, agus le Coláiste na gCoimisinéirí ina iomláine. I mo chuid oibre chun príomhspriocanna sóisialta 2030 maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach, is é an aidhm atá agam an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath ar a laghad i gcomparáid le 2019, spriocanna nua Barcelona maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige a chur chun feidhme, agus an chothromaíocht oibre is saoil a neartú, sa teilea-obair freisin.

Is mithid don Aontas freisin muinín na glúine nua a dhaingniú. Táim ag tnúth leis an Idirphlé Beartais bliantúil leis an Aos Óg, a gcuirfidh mé tús leis laistigh de na chéad 100 lá de mo shainordú. Tá gá againn le formáidí solúbtha chun daoine óga a mhealladh, ní hamháin tríd an Idirphlé Beartais bliantúil seo ach maidir le príomh-shaincheisteanna sonracha freisin, agus cuirfidh mé promhadh óige i bhfeidhm i dtaca le raon iomlán tionscnamh atá faoi mo chúram. Rachaidh mé i dteagmháil leis an gcuid eile den Choláiste chun a áirithiú go gcuirfear príomhshruthú na hóige chun feidhme.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, agus mé i mo Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, geallaim mo dhualgais a dhéanamh ar bhealach iomlán neamhspleách agus faoi réir na gcaighdeán eiticiúla is airde, ar mhaithe le leas ginearálta an Aontais. Urramóidh mé an Cód Iompair do Choimisinéirí, seachnóidh mé aon chás ina bhféadfaí mo neamhspleáchas agus m'ionracas a cheistiú agus cuirfidh mé Uachtarán an Choimisiúin ar an eolas faoi aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní lorgóidh mé ná ní ghlacfaidh mé treoracha ó aon rialtas ná institiúid, comhlacht, oifig ná eintiteas eile. Fiú nuair a bheidh deireadh le mo chuid dualgas, geallaim go n-áiritheoidh mé rúndacht faisnéise agus go n-urramóidh mé na rialacha maidir le ceapacháin agus sochair. Geallaim go gcomhlíonfaidh mé na hoibleagáidí maidir le trédhearcacht agus nach mbeidh cruinnithe agam ach leis na heagraíochtaí nó leis na daoine féinfhostaithe sin atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Ní féidir linn torthaí a bhaint amach dár saoránaigh, ná ní féidir linn leanúint go hiomlán de bheith nasctha lena riachtanais agus lena mianta gan gealltanas a thabhairt idirphlé comhsheasmhach a dhéanamh agus obair a ullmhú go dlúth lena n-ionadaithe díreacha – sibhse, Feisirí na Parlaiminte. Rannchuidímid, an Coimisiún agus an Pharlaimint i dteannta a chéile, le hAontas níos láidre a bhaint amach. Le linn mo ghairmréime polaitiúla, bhí mé i m'oifigeach tofa áitiúil, náisiúnta agus Eorpach. Chleacht mé comhar parlaiminteach agus idirphlé idirinstitiúideach, agus d'oibrigh mé i dtreo sineirgí polaitiúla. Agus mé i m'Aire, chuir mé idirphlé macánta pragmatach le mo Pharlaimint náisiúnta chun cinn go réamhghníomhach. Ba phrionsabal é sin lenar treoraíodh mé, sa bhreis ar mo dhualgais fhoirmiúla.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim, mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, go nglacfaidh mé freagracht pholaitiúil i leith na Parlaiminte as na gníomhaíochtaí atá ina gcuid de mo shainchúraimí, gan dochar do phrionsabal na Coláisteachta. Geallaim go rachaidh mé i mbun caidreamh speisialta idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún, agus go gcaithfear go cothrom le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir le faisnéis a roinnt leis na hinstitiúidí, mar a leagtar síos i gCreat-Chomhaontú 2010 idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún. .

Is den ríthábhacht domsa an rannpháirtíocht le Parlaimint na hEorpa, agus rannchuideoidh mé leis an gcaidreamh idir an Coimisiún agus an Pharlaimint a neartú, ar leibhéal an Choláiste agus i ngach réimse de mo shainchúraimí. Geallaim go gcuirfidh mé an Pharlaimint ar an eolas go hiomchuí faoi mo ghníomhaíochtaí agus faoi ghníomhaíochtaí mo ranna. Ba mhaith liom freisin oibriú leis an bParlaimint chun ár dtionscadal Eorpach a shaothrú agus chun teagmháil a dhéanamh leis na saoránaigh: trí oibriú i gcomhar le chéile chun díriú níos mó ar an gcaoi a gcuirtear ár mbeartais agus ár ndlíthe chun feidhme go praiticiúil ar an leibhéal náisiúnta, léireofar an chaoi a bhfuilimid ag dréim le tairbhí an Aontais a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.

Is gné ríthábhachtach de chinnteoireacht mhaith í an trédhearcacht. Creidim, má bhím i láthair go rialta sna príomhchoistí a mbeidh mé ag déileáil leo, go spreagfar cultúr muiníne, trédhearcachta agus coláisteachta, rud atá ríthábhachtach dár gcuid oibre comhpháirtí, chun oibriú i gcomhar leis an bParlaimint ag gach céim den phróiseas ceaptha beartas. Chun bheith i láthair i ndíospóireachtaí iomlánacha, i gCoistí agus i gcruinnithe tríthaobhacha, eagróidh mé idirphlé struchtúrtha le mo Choistí Parlaiminteacha, chun bealach chun cinn a leagan amach d'aon Rún de chuid Airteagal 225 CFAE a ghlacann an Pharlaimint ina n-iarrtar tograí reachtacha.

Creidim gurb é an t-idirphlé leis an gCoimisiún a bheidh ina bhonn le rialú Parlaiminteach agus treallús Parlaiminteach a fheidhmiú. Agus prionsabail na coláisteachta agus an chomhionannais á gcur san áireamh, creidim go bhfuil freagracht speisialta ar Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin i dtéarmaí idirphlé leis an Teach seo.

Tá sé d'aidhm agam caidreamh a fhorbairt bunaithe ar oscailteacht, trédhearcacht, muinín fhrithpháirteach, éifeachtúlacht, idirphlé leanúnach, tuairisciú rialta agus malartú faisnéise. Cuirfidh sé sin ar a cumas don Pharlaimint a maoirseacht dhaonlathach a fheidhmiú go héifeachtach, ach bainfear comhthoil amach leis freisin maidir le gníomhaíocht beartais. Déanfaidh mé deimhin de go mbeadh trédhearcacht agus sreabhadh faisnéise ann

leis an bParlaimint, go háirithe roimh mórimeachtaí agus ag céimeanna tábhachtacha den chaibidlíocht idirnáisiúnta. I mo cháil mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, creidim go bhfuil freagracht ar leith orm páirt a ghlacadh sa suí iomlánach agus sna díospóireachtaí coiste. Bím ar fáil le haghaidh cruinnithe déthaobhacha agus cumarsáid dhíreach le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa.

Geallaim go n-oibreoidh mé go dlúth le Parlaimint na hEorpa ar bhonn Chomhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus ar bhonn Chreat-Chomhaontú 2010, agus go n-oibreoidh mé i gcomhar leis an gColáiste maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat-Chomhaontú chun an fhreagracht pholaitiúil chomhpháirteach, an t-idirphlé, an sreabhadh faisnéise agus an trédhearcacht a neartú.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta</u>

*3. Is cúis imní don Pharlaimint ilroinnt an bheartais shóisialta agus fostaíochta agus a chur san áireamh áireamh i bpunanna iomadúla na gCoimisinéirí ainmnithe chomh maith leis an ngné shóisialta agus fostaíochta atá in easnamh i dteideal an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin ainmnithe Roxana Mînzatu. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag an Leas-Uachtarán ainmnithe a áirithiú nach mbainfidh an ilroinnt sin an bonn de chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta? Conas a chomhoibreoidh tú leis na Coimisinéirí eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach? Chomh maith leis sin, an dtoileofá do theideal a athrú go 'Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um poist ardcháilíochta, cearta sóisialta, scileanna agus oideachas' agus na bearta is gá a dhéanamh chun beartais shóisialta agus fostaíochta a chomhdhlúthú agus chun struchtúir agus maoirseacht éifeachtúil a áirithiú?*

Creidim gur céim mhór chun tosaigh é don Eoraip Shóisialta Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht a bheith i gColáiste na gCoimisinéirí, Leas-Uachtarán a bheidh freagrach as sainchúraimí na scileanna agus an oideachais, na bpost ardcháilíochta agus na gceart sóisialta. Táim buíoch agus bródúil as an ról seo a bheith agam, má dheimhnítear m'ainmniúchán. Mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé le comhtháthú ár gcuspóirí sóisialta agus margaidh saothair ar fud obair an Choimisiúin. Tá sé sin ríthábhachtach chun geilleagar sóisialta iomaíoch an mhargaidh a áirithiú, rud a chinnteoidh ár rathúnas. Agus tá sé ríthábhachtach dár ndaonlathas, do shláinte ár sochaí, agus aghaidh á tabhairt againn san am céanna ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach.

Agus Eoraip Shóisialta níos láidre ná riamh á saothrú againn, is é Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ár gcompás le haghaidh beartais láidre fostaíochta agus shóisialta san Aontas. Bhí réimse leathan sainchúraimí agus seirbhísí freagrach as na tionscnaimh sa chéad Phlean Gníomhaíochta: tá beartais fostaíochta, scileanna agus beartais shóisialta an-ábhartha ar fud réimsí éagsúla beartais, agus tá siad fíor-riachtanach chun acmhainneacht iomlán na dtionscnamh a bhaint amach. Áiritheoidh mé go gcuirfear cuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta san áireamh i ngach réimse beartais.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go mbeidh Plean Gníomhaíochta uaillmhianach nua um Chur i bhFeidhm Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ann, mar a fógraíodh sna Treoirlínte Polaitiúla. Ní misean cúng é an Eoraip Shóisialta a neartú agus prionsabail an Cholúin a thabhairt i gcrích i saol na ndaoine. Oibreoidh mé leis na Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin eile, agus, ar ndóigh, leis na Coimisinéirí a bhfuil sé de chúram orm a gcuid oibre a threorú, ach ní leo sin amháin. Chun Plean Gníomhaíochta uaillmhianach rathúil a bhaint amach, beidh gá le comhoibriú leis an gColáiste ina iomláine, mar shampla: comhoibriú maidir le tithíocht leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus um Thithíocht, maidir le comhionannas leis an gCoimisinéir um Chomhionannas, maidir le cistí leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus um Athchóirithe agus leis an gCoimisinéir um an mBuiséad, maidir le comhordú na mbeartas eacnamaíoch agus an Seimeastar Eorpach leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar agus um Tháirgiúlacht, maidir le cúrsaí tionsclaíochta agus an mhargaidh inmheánaigh leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus um Straitéis Thionsclaíoch, agus maidir leis an aistriú aeráide cóir leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch agus leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan – gan ach cuid díobh a lua. Ní mór an Colún a chur chun feidhme ar an láthair – ní féidir an cur i gcrích a bheith ina iar-smaoineamh, agus bainfidh mé leas as na deiseanna uile atá ar fáil chun oibriú le Parlaimint na hEorpa, ach freisin leis na Ballstáit agus le comhpháirtithe sóisialta, agus tabharfaidh mé tús áite do na gealltanais maidir le cearta bunúsacha, scileanna, fostaíocht agus frithbhochtaineacht a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis an 20 prionsabal uile.

Tuigim cén fáth go mb'fhéidir gurbh fhearr le roinnt daoine leagan difriúil de mo theideal. Ó mo thaobhsa de, tá mé ar bís faoi shainchúraimí a chuireann 'daoine' i lár an aonaigh. Is cinnte gurb é seo atá i gceist leis an tionscadal Eorpach: gurb é an cuspóir deiridh atá againn freastal ar mhuintir an Aontais, ag a bhfuil náisiúntachtaí, cúinsí agus dearcthaí éagsúla, agus oibriú ar mhaithe leo. Tá a acmhainneacht féin agus a riachtanais féin ag gach duine

– is é sin croílár na hoibre is gá dúinn a chur i gcrích. Beag beann ar mo theideal, is léir go bhfuil rún daingean agam a bheith ag obair ar son poist ardcháilíochta, cearta sóisialta, scileanna agus oideachais, agus ar an iomlán ar son mhuintir na hEorpa. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, bainfidh mé úsáid as gach uirlis atá ar fáil chun cuspóirí sóisialta uaillmhianacha an tsainordaithe seo a chomhlíonadh.

*4. Ag tógáil ar Dhearbhú La Hulpe, cad iad na tionscnaimh reachtacha a gheallann tú a chur ar aghaidh sa Phlean Gníomhaíochta nua maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, amhail digitiú ag an obair, tithíocht agus cómhargáil, chun spriocanna 2030 a bhaint amach? Cad iad na bearta agus na gníomhaíochtaí nithiúla a mholfaidh tú chun dul i ngleic le ganntanas criticiúil scileanna agus lucht saothair i margaí saothair na hEorpa agus chun deiseanna maithe a chruthú i ngach réigiún den Eoraip? Conas a áiritheoidh tú gur féidir le gach oibrí, go háirithe oibrithe ar bheagán oiliúna, tairbhe a bhaint as Aontas na Scileanna agus gur féidir leo leas a bhaint as an gceart chun oiliúna chomh maith le rochtain chomhionann a fháil ar chláir uas-scilithe agus athscilithe, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh?*

*Cad iad na bearta agus na gníomhaíochtaí nithiúla a mholfaidh tú chun soghluaisteacht an lucht saothair a éascú, chun Údarás Eorpach Saothair (ELA) láidir cumhachtaithe a áirithiú, agus chun comhordú na slándála sóisialta a nuachóiriú, a shimpliú agus a dhigitiú tuilleadh, mar a luaitear i do litir mhisin?*

*Thairis sin, cad iad na teorainnluachanna nua athbhreithnithe um nochtadh ag an obair do shubstaintí guaiseacha atá beartaithe agat a mholadh faoi reachtaíocht an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, lena n-áiritheofar cothrom iomaíochta do ghnólachtaí?*

Is é Colún Eorpach na gCeart Sóisialta an compás ceart chun sinn a threorú inár n-iarrachtaí leanúnacha chun Eoraip atá cóir go sóisialta agus inbhuanaithe a thógáil. Is gné thábhachtach de shamhail an gheilleagair shóisialta margaidh iad ár gcaighdeáin shóisialta agus tá siad ina ndlúthchuid dár n-iomaíochas san fhadtéarma. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, seolfaidh mé Plean Gníomhaíochta nua um Chur i bhFeidhm Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta in 2025 chun na beartais atá ann faoi láthair a neartú agus chun tionscnaimh nua a thabhairt isteach. Is mian liom ár ndinimic a mhéadú chun príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht a bhaint amach ar a laghad (ráta fostaíochta 78 %, an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath ar a laghad), maidir le scileanna (60 % ar a laghad de mhuintir na hEorpa a bheith rannpháirteach go bliantúil in oiliúint agus rochtain ar bhunscileanna digiteacha a chur chun cinn le haghaidh 80 % ar a laghad de dhaoine idir 16 agus74 bliana d'aois), agus maidir le laghdú na bochtaineachta (laghdú 15 mhilliún ar a laghad a dhéanamh ar líon na ndaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht nó faoi eisiamh sóisialta i gcomparáid le figiúirí 2019, agus 5 mhilliún leanbh san áireamh). Ach ba mhaith liom tuilleadh machnaimh a dhéanamh freisin ar an gcaoi a gcuirimid, ní hamháin an fhostaíocht ar fáil, ach poist ardcháilíochta go háirithe. Fógrófar sa Phlean Gníomhaíochta roinnt beart reachtach agus neamhreachtach a chun a áirithiú go mbainfimid ár n-uaillmhianta sóisialta amach.

Ba mhaith liom Treochlár Post Ardcháilíochta a bheith ina pharaidím nua dúinn a chuirfidh ar ár gcumas leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuireann teicneolaíochtaí nua agus éiceachórais dhigiteacha ar fáil don nuálaíocht, don táirgiúlacht mhéadaithe agus don iomaíochas. Leanfaidh mé den obair i ndáil leis an gceart chun dícheangail agus leis an teilea-obair, rud a léiríonn ár dtiomantas do chearta oibrithe sa ré dhigiteach. An rud atá ina cheart as líne, ba cheart go mbeadh sé ina cheart ar líne freisin. Leanfaimid freisin d'fhianaise a bhailiú le haghaidh tionscnamh nua maidir le bainistiú de réir algartam, rud a chuimsíonn an prionsabal 'an duine a bheith i gceannas' i saol na hoibre. Tacóidh mé go hiomlán leis an idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a neartú, chun tógáil ar an Treoir maidir le Pá Íosta agus ar Mholadh 2023 ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta. Tosóidh mé le Comhshocrú nua maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach a mholadh, go luath in 2025, agus oibreoidh mé i gcomhar le ceardchumainn agus fostóirí Eorpacha. Go deimhin, tá an chómhargáil agus an t-idirphlé sóisialta ríthábhachtach chun oiriúnú solúbtha agus cuimsitheach a dhéanamh do na dúshláin atá ar na bacáin i margaí saothair na hEorpa, dúshláin a bhaineann leis na trí aistriú atá romhainn: an t-aistriú glas, an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú déimeagrafach. Tá ceart na n-oibrithe agus a n-ionadaithe chun faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta ríthábhachtach chun a chur ar a gcumas ról gníomhach a bheith acu maidir leis an aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a réamh-mheas agus a bhainistiú.

Ó thaobh na tithíochta de, tacóidh mé le hobair an Choimisinéara um Fhuinneamh agus Tithíocht maidir leis an bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne a stiúradh, agus cinnteoidh mé go bhfuil gné láidir shóisialta ag an bPlean a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaoine is leochailí, mar shampla na daoine sin atá gan dídean, arb é an prionsabal 'tús áite don tithíocht' an cur chuige is fearr ina leith.

Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas saothair agus ganntanas scileanna, tá príomhthionscnaimh éagsúla curtha chun cinn ag an gCoimisiún cheana féin, go háirithe an Plean Gníomhaíochta maidir le Ganntanas Saothair agus

Ganntanas Scileanna, ina leagtar béim ar shainiúlachtaí na réigiún. Mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, tá dálaí oibre cuibhiúla ríthábhachtach chun oibrithe a mhealladh agus a choinneáil, agus tá cómhargáil láidir, pá leordhóthanach cothrom, tacú le fás cuimsitheach agus bochtaineacht lucht oibre a chosc ríthábhachtach freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas lucht saothair san Aontas. D'fhoghlaimíomar é sin le linn ghéarchéim na paindéime, go háirithe in earnáil an chúraim. Ar an gcúis sin, oibreoidh mé chun creat comhleanúnach a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an lucht saothair cúraim fhadtéarmaigh, ní hamháin chun aitheantas scileanna agus cáilíochtaí a éascú, ach chun dálaí oibre a fheabhsú freisin.

Beidh forbairt Aontas na Scileanna i gcroílár ár gcur chuige: chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas saothair agus ganntanas scileanna, agus chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht daoine aonair. Tá scileanna fíor-riachtanach dúinn freisin chun aghaidh a thabhairt – inár n-aonar agus i dteannta a chéile – ar dhúshláin an athraithe agus chun aistriú atá cóir go sóisialta a dhéanamh den aistriú glas agus den aistriú digiteach. Is ceart sóisialta iad scileanna; ba cheart do gach duine tairbhiú den cheart sin le linn a saolré, ón óige go dtí an tseanaois. Is é an sprioc a bheidh ann go bhfaighidh gach duine an t-oideachas agus an oiliúint a theastaíonn uaidh ag gach céim den saol oibre, le bheith solúbtha i saol an lae inniu atá ag síorathrú – agus ansin a áirithiú gur féidir na scileanna sin a úsáid ar fud an Aontais i margadh an tsaothair, agus mianta na ndaoine sin a bhfuil na scileanna acu agus riachtanais na bhfostóirí á gcomhlíonadh san am céanna. Ullmhóidh mé Tionscnamh uaillmhianach um Inaistritheacht Scileanna chun a áirithiú gur mbeidh scileanna inaistrithe ó réimse go réimse agus go n-aithneofar iad mar chuid de shoghluaisteacht daoine i margadh an tsaothair.

Is é bunús Aontas na Scileanna seo againne beartais agus infheistíocht i mbunscileanna, tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, agus ár gcuid oibre a dhíriú ar phríomhriachtanais, mar shampla, réimse na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice (ETIM). Tacófar leis sin trí obair neartaithe ar an oideachas digiteach agus ar an oiliúint dhigiteach. Molfaidh mé bearta uaillmhianacha spriocdhírithe freisin chun borradh a chur faoin ngairmoideachas agus faoin ngairmoiliúint a bhfuil breisluach Eorpach ag baint leo, agus inspioráid á fáil agam ón méid a tharlaíonn san oideachas treasach san Eoraip. Chun bheith cuimsitheach, ba cheart do sholáthraithe oideachais agus oiliúna deiseanna nua foghlama a chur ar fáil freisin, agus deiseanna digiteacha san áireamh. Ní mór dúinn úsáid a bhaint as an intleacht shaorga agus as aiseolas sonraíbhunaithe agus treoir shonraíbhunaithe, chomh maith le bearta spriocdhírithe a chuireann borradh faoi sholáthar scileanna digiteacha. Tá gá againn le conairí solúbtha foghlama, foghlaim atá dírithe ar scileanna agus ar inniúlachtaí, foghlaim idirdhisciplíneach, foghlaim thraschultúrtha agus foghlaim thrasteorann. Chun sprioc 2030 maidir le scileanna a bhaint amach, fiosróidh mé bealaí chun na Cuntais Foghlama Aonair a neartú a thuilleadh. Trí gach duine a chumasú chun dul i mbun oiliúna, déanann Cuntais Foghlama Aonair an ceart chun oiliúna a fhíorú sa chleachtas agus oibreoidh mé leis na Ballstáit chun Cuntais Foghlama Aonair a thabhairt ar aghaidh, go háirithe trí thacaíocht foghlama frithpháirtí. Príomhghné eile is ea micridhintiúir, a thacaíonn le forbairt scileanna agus le hinfhostaitheacht, trí thorthaí foghlama na taithí foghlama gearrthéarmaí a dheimhniú, rud atá an-ábhartha don aistriú glas, don aistriú digiteach agus don aistriú sóisialta.

Poist ardcháilíochta a bheith ann, ciallaíonn sin go mbeidh soghluaisteacht chothrom an lucht saothair ann freisin. Ar an gcéad dul síos, ní mór dúinn an obair atá fós le déanamh a chur i gcrích: Oibreoidh mé go dian leis an bParlaimint agus leis an gComhairle chun cuidiú le teacht ar chomhaontú maidir leis an athbhreithniú ar na Rialacháin maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta. Tuigim castacht an chomhaid sin agus táim réidh le cineálacha cur chuige nuálacha a mholadh chun cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo.

Ar an dara dul síos, tá an mheastóireacht ar an Údarás Eorpach Saothair á tabhairt chun críche ag an gCoimisiún. Bunaithe ar thorthaí na meastóireachta agus an t-ionchur a fuarthas sa Rún ón bParlaimint á chur san áireamh, díreoidh mé a thuilleadh ar conas obair an Údaráis Eorpaigh Saothair a neartú. Ar an tríú dul síos, cuirfidh mé fís chuimsitheach i láthair maidir le seirbhísí a dhigitiú, agus dearbhuithe oibrithe ar postú a éascú mar chuid de sin. Beidh sé sin bunaithe ar an dá thionscadal phíolótacha ar an bPas Eorpach Slándála Sóisialta, a bhfuiltear ag súil le cur i láthair thorthaí na dtionscadal sin sa dara leath de 2025.

Oibreoidh mé freisin le Coimisinéirí eile chun an gealltanas sna Treoirlínte Polaitiúla a chomhlíonadh chun rialacha a fhorbairt maidir le cáilíochtaí náisiúnach tríú tír a aithint, nósanna imeachta a shimpliú agus bacainní nach bhfuil gá leo a bhaint. Déanfar é sin i gcomhar le tionscnaimh eile ar nós Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus Comhpháirtíochtaí Tallainne chun a léiriú go bhfuil an tAontas oscailte chun fáilte a chur roimh dhaoine oilte agus chun daoine a bhfuil na scileanna cearta acu a mhealladh chun freastal ar riachtanais mhargadh saothair an Aontais.

Maidir le teorainnluachanna nua agus athbhreithnithe um nochtadh ag an obair do shubstaintí guaiseacha, laghdaigh an Coimisiún an t-aga moille chun luachanna a shocrú ar leibhéal an Aontais, ach ba mhaith liom go mbeimis níos tapúla. Beidh mé ag féachaint go grinn air sin, mar ní mór dár n-oibrithe a bheith cosanta ar nochtadh do cheimiceáin ghuaiseacha agus teastaíonn cothrom na Féinne ó chuideachtaí. Leagtar amach i gCreat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027 na substaintí a ndíreofar orthu go luath amach anseo, agus tá rún daingean agam an obair sin a chur i gcrích agus oibrithe atá i mbaol a chosaint. Baineann sé sin freisin le básanna agus timpistí san ionad oibre a chosc ar gach bealach, agus rioscaí síceasóisialta agus mhatánchnámharlaigh san áireamh. I ndáil leis sin, ba mhaith liom an cur chuige 'fís nialais' a athdhearbhú arb é is aidhm dó básanna a bhaineann leis an obair a chosc agus oibreoidh mé chun cosc a chothú maidir le guaiseacha sonracha a eascraíonn as an athrú aeráide, mar shampla strus teirmeach nó teagmhais adhaimsire, chomh maith le rioscaí síceasóisialta a chuimsiú ar bhealach níos fearr, e.g. na rioscaí sin a bhaineann leis an aistriú digiteach. Baineann cuid mhór den obair sin le huaillmhianta láidre an Choimisiúin nua an mheabhairshláinte a chosaint do mhuintir na hEorpa.

Agus ar deireadh, déanfaidh mé gné shóisialta an tSeimeastair Eorpaigh a chur chun cinn go láidir i gcur chuige comhtháite idir beartais eacnamaíocha agus beartais shóisialta. Oibreoidh mé chun an Creat um Chóineasú Sóisialta a chomhtháthú a thuilleadh sa Seimeastar. Díreoidh mé i mo chuid oibre freisin ar infheistíochtaí agus athchóirithe sóisialta, cuir i gcás trí fheabhas a chur ar uirlisí faireacháin agus meastóireachta, mar shampla measúnú tionchair dáileacháin, chun a dtoradh eacnamaíoch agus sóisialta a thomhas. Beidh na huirlisí sin ríthábhachtach d'inbhuanaitheacht na mbeartas Eorpach uile.

*5. Tá thart ar 95 mhilliún duine san Aontas i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear 19 milliún leanbh. Tá 11 % d'oibrithe nochta don riosca seo. Cad iad na tionscnaimh reachtacha nithiúla a mholfaidh tú i gcomhthéacs na chéad Straitéise Frithbhochtaineachta riamh de chuid an Aontais, a d'fhógair Uachtarán toghaí an Choimisiúin Ursula von der Leyen? Cén ról a bheidh ag an Seimeastar Eorpach agus ag an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí sa straitéis sin chun dul chun cinn a áirithiú i dtreo sprioc Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir leis an mbochtaineacht a laghdú? Conas a chinnteoidh tú go ndéanfaí níos mó sa chéad CAI eile chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a dhíothú? Anuas ar an moladh ón gComhairle, cad iad na bearta nithiúla leantacha a thabharfaidh tú d'iarrataí ó Pharlaimint na hEorpa chun leorgacht scéimeanna ioncaim íosta a ráthú, agus chun a gcumhdach agus a nglacadh a mhéadú?*

*An dtíolacfaidh tú Treoir maidir le hioncam íosta leormhaith chun athimeascadh daoine nach bhfuil sa mhargadh saothair a áirithiú agus prionsabal na coimhdeachta agus sainiúlachtaí na gcóras náisiúnta cosanta sóisialta á n-urramú ag an am céanna?*

Chuir an tUachtarán toghaí von der Leyen i dtábhacht ina Treoirlínte Polaitiúla go mbraitheann dóigh beatha na hEorpa ar chosaintí agus ar dheiseanna ár múnla shóisialta agus ár ngeilleagair shóisialta margaidh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, forbróidh mé Straitéis Frithbhochtaineachta an Aontais a bheidh éifeachtach chun tacú leis na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste inár sochaí agus chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais shóisialta. Ní féidir liom glacadh le leibhéal agus cineálacha nua na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta san Eoraip. Agus níl áit ag bochtaineacht leanaí inár sochaí rathúil. Más mian linn go n-éireoidh linn Aontas níos iomaíche a thógáil, a bheidh fréamhaithe i ngeilleagar inbhuanaithe glas, a chothófar leis an teicneolaíocht nua, a bheidh athléimneach agus muid ag tabhairt aghaidh ar ghéarchéimeanna, a bheidh láidir ó thaobh na polaitíochta de, ba cheart dúinn i gcónaí an rún cothrománach a bheith againn an bhochtaineacht a chomhrac trí gach cinneadh agus beartas a chuirfimid i bhfeidhm.

Ba cheart spreagadh nua ar leibhéal an Aontais a thabhairt do Straitéis Frithbhochtaineachta an Aontais chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú. Ní mór bunchúiseanna na bochtaineachta a bheith mar thúsphointe, cuir i gcás neamhionannas agus éagóir shóisialta, ioncaim ísle, rannpháirtíocht lag i margadh an tsaothair, bearnaí sa rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus seirbhísí bunriachtanacha, inacmhainneacht, gan ach cúpla ceann a lua.

Ar ndóigh, beidh gealltanas na mBallstát gníomhú go cinntitheach ríthábhachtach chun an Straitéis a chur i gcrích. Ó bhí cruinniú mullaigh Porto ann in 2021, tá sprioc shoiléir le baint amach againn faoi 2030. Go sonrach, ní mór dúinn díriú, i dtéarmaí beartais um chuimsiú sóisialta agus um chosaint shóisialta, ar líon na ndaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht nó faoi eisiamh sóisialta a laghdú faoi 15 mhilliún ar a laghad (i gcomparáid le figiúirí 2019), agus 5 mhilliún leanbh san áireamh. Ní mór dúinn béim ar leith a leagan freisin ar thimthriall glúine na bochtaineachta a bhriseadh chomh maith leis an tsoghluaisteacht shóisialta a chur chun cinn. Beidh gá le tuilleadh iarrachtaí substaintiúla chuige sin – tháinig méadú suntasach ar líon na ndaoine atá i mbaol

bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in thart ar leath de na Ballstáit in 2023, rud a fhágann go bhfuil sé níos dúshlánaí sprioc 2030 a bhaint amach.

Déanfaidh mé mo dhícheall a chinntiú go gcuideofar leis na daoine sin atá in ann obair a dhéanamh post ardcháilíochta a fháil mar bhealach amach as an mbochtaineacht. Baineann an bhochtaineacht le daoine de gach aois, ón óige go dtí an aois ghníomhach go dtí an tseanaois. Tá baol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta níos airde i gcás na mban. Agus is minic a bhíonn nasc idir an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú agus an neamhionannas struchtúrach sa tsochaí. Déanfaidh mé an obair ar an Straitéis a phríomhshruthú agus tabharfaidh mé aghaidh uirthi i gcomhar lenár gcuid oibre ar Aontas an Chomhionannais.

Bhí os cionn an cúigiú cuid de dhaonra an Aontais a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh ina bhfuil leanaí cleithiúnacha i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2023. Sa Straitéis, breathnóidh mé ar chúram agus ar conas an rochtain ar chúram inacmhainne ardcháilíochta do theaghlaigh a neartú, agus ar phoist ardcháilíochta don lucht saothair cúraim.

Ba cheart ár gcur chuige i leith na bochtaineachta a bheith cuimsitheach freisin, agus dul níos faide ná beartais fostaíochta agus shóisialta chun beartais oideachais agus oiliúna, cúraim sláinte, tithíochta, chánachais, iompair, fuinnimh, bhia agus aeráide a chur san áireamh. Agus mé ag obair le mo chomhghleacaithe freisin, tacóidh mé le cur chun feidhme an Chiste Aeráide Shóisialta chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht a bhaineann le fuinneamh agus iompar.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh. Ach luaitear go soiléir sna Conarthaí freisin aidhm an Aontais an tsíocháin, a chuid luachanna agus folláine a phobail a chur chun cinn – agus go ndéanfaidh an tAontas an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac, agus go gcuiridh sé chun cinn an ceartas sóisialta agus an chosaint shóisialta, an comhionannas idir mná agus fir, an dlúthpháirtíocht idir na glúine agus an chosaint ar chearta an linbh.

Beidh ról ríthábhachtach ag an Seimeastar Eorpach maidir le faireachán agus comhordú a dhéanamh ar bheartais náisiúnta chun an t-eisiamh sóisialta agus an neamhionannas a chomhrac. Má dhearbhaítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, rannchuideoidh mé leis an Seimeastar Eorpach a mhéid a bhaineann le beartais shóisialta, oideachais agus fostaíochta, agus geallaim go gcoinneoidh mé a ghné láidir shóisialta ar bun. Chun tógáil ar Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), a thacaíonn le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus arb é is aidhm dó an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú, agus chun tógáil ar an gCiste Aeráide Sóisialta nua freisin, oibreoidh mé le Coimisinéirí eile chun freagraí iomlánaíocha beartais agus cistiúcháin a fhorbairt. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an obair atá le stiúradh ag an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus um Thithíocht ar an bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne agus ar an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne chun a áirithiú go mbeidh gné láidir shóisialta ag baint leis na pleananna sin a fhreastalóidh ar riachtanais na ndaoine is leochailí, cuir i gcás na daoine sin atá gan dídean.

Maidir le maoiniú poiblí agus infheistíocht phoiblí, tabharfar tosaíocht d'úsáid na n-acmhainní atá ar fáil trí NextGenerationEU agus tríd an mbuiséad reatha a chinntiú. Is tacaíocht thábhachtach é an beartas comhtháthaithe, agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus san áireamh, maidir le bearta frithbhochtaineachta agus eisiaimh.

Beidh an Ciste Aeráide Sóisialta Nua ina uirlis láidir chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh agus iompair agus rannchuideoidh sé le spriocanna bochtaineachta an phlean gníomhaíochta a bhaint amach chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. I bhfianaise a chuspóirí, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit an ciste a chlársceidealú chun díriú ar na tionchair shóisialta ar ghrúpaí leochaileacha a ndéantar difear dóibh leis an gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise (CTA2). Oibreoidh mé i gcomhar leis na Coimisinéirí eile chun clársceidealú dírithe agus tionchair an Chiste Aeráide Sóisialta a áirithiú chun tacú le teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí leochaileacha iompair, trí thacaíocht ioncaim dhíreach shealadach agus trí bhearta agus infheistíochtaí a bhfuil sé beartaithe leo éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle.

In éineacht le mo chomh-Choimisinéirí, áiritheoidh mé go gcothófar na hathruithe struchtúracha is gá le cur chun feidhme an Chiste chun aistriú cothrom agus cóir a chinntiú, a bheidh ag gabháil le cur chun feidhme CTA2. Mar a shonraítear sa Rialachán, déanfar meastóireacht ar na Pleananna – agus na garspriocanna agus na spriocanna san áireamh – bunaithe ar an gcritéar sin. Cuirfidh an Ciste Aeráide Sóisialta tacaíocht ioncaim dhíreach shealadach ar fáil, rud a rannchuideoidh leis an mbochtaineacht a mhaolú le haghaidh na dteaghlach is leochailí.

Ag féachaint chun cinn, is deis é an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile chun ár gcaiteachas a dhéanamh níos dírithe, níos simplí agus níos éifeachtaí, trí infheistíochtaí a nascadh le hathchóirithe chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin i réimsí amhail an t-oideachas, scileanna, agus an bhochtaineacht a chomhrac. Ba cheart infheistíochtaí agus athchóirithe araon a ailíniú le cuspóirí agus tosaíochtaí an Aontais chun díriú ar na réimsí is mó ina bhfuil gá le gníomhaíocht ón Aontas agus inar féidir an tionchar is mó a bheith acu.

Is tionscnamh cuimsitheach láidir í an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, agus tá sé léirithe ag na Ballstáit go bhfuil siad tiomanta dá cur chun feidhme. Ó mo thaobhsa de, beidh sé ina thosaíocht agam í a chur i gcrích agus í a threisiú. Ní mór dúinn dlús a chur lenár n-iarrachtaí maidir leis na nithe sin a bhaint amach, go háirithe chun an bhearna a dhúnadh sa rochtain ar sheirbhísí idir na leanaí atá i mbochtaineacht agus a bpiaraí atá níos fearr as. Sa chomhthéacs sin, oibreoidh mé chun an Ráthaíocht a neartú agus cuirfidh mé treoraíocht bhreise ar fáil do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí, go háirithe tar éis thuarascáil 2026 ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn a baineadh amach.

Má chuireann na Ballstáit an Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta chun feidhme i gceart, d’fhéadfadh sé feabhas mór a chur ar leordhóthanacht na scéimeanna ioncaim íosta faoi 2030 agus níos mó daoine a thabhairt níos gaire do mhargadh an tsaothair. Dá bhrí sin, ba cheart díriú ar dtús ar chur chun feidhme an mholta, ar tosaíocht chothrománach láidir de chuid an Choimisiúin nua é.  Cuirfimid tacaíocht ar fáil do na Ballstáit, agus cuirfimid ceapadh beartais chun cinn atá bunaithe ar fhianaise, foghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtas tríd an gCoiste um Chosaint Shóisialta. Ullmhóidh an Coimisiún agus an Coiste um Chosaint Shóisialta tuarascáil chomhpháirteach in 2025, ina ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an mholta. Maidir le bochtaineacht lucht oibre, oibreoimid go dian ar chur chun feidhme na Treorach maidir le pá íosta leordhóthanach, arb í an phríomhuirlis í chun a áirithiú go mbeidh daoine á dtarraingt go héifeachtach as an mbochtaineacht trí dhul isteach i margadh an tsaothair.

Ceisteanna ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

*6. Conas a shamhlaíonn tú todhchaí bheartas oideachais an Aontais, sa bhreis ar chaipiteal daonna na hEorpa a neartú chun foghlaim éifeachtach agus ábhartha a chur ar fáil, lena bhforbraítear eolas, scileanna, luachanna agus inniúlachtaí a chomhfhreagraíonn d’fhís iomlánaíoch oideachais agus lena rannchuidítear le glúine atá le teacht a bheidh ullamh agus athléimneach ar bhealach níos fearr? I gcomhthéacs an aistrithe ghlais Eorpaigh agus an chlaochlaithe thionsclaíoch ghlain leanúnaigh, conas a fhorbróidh tú ar bhonn gníomhach straitéisí a théann i ngleic le dúshláin a bhaineann le rochtain ar oideachas, bunscileanna, scileanna digiteacha, oideachas ETIM agus ETIEM agus oideachas saoránachta Eorpaí?*

Tá a fhios againn go léir go gcumhachtaítear daoine aonair tríd an oideachas. Mar sin, is é an fhís atá agam go ndéanfaidh limistéar Eorpach oideachais láidir an Eoraip a chumhachtú. Tá m’fhís le haghaidh thodhchaí bheartas oideachais an Aontais fréamhaithe go domhain i mbunluachanna na saoirse, an daonlathais, na cothroime sóisialta agus an rathúnais chomhroinnte. Tá an Limistéar Eorpach Oideachais, mar spás coiteann d’fhoghlaim ardcháilíochta atá inrochtana do chách, ina cheann feadhna ar sprioc chomhroinnte maidir le hoideachas ar ardchaighdeán, forbairt scileanna solúbtha agus cuimsiú. Is trí chuid ríthábhachtacha iad sin chun a chinntiú, ní hamháin go mbeidh ár nglúine atá le teacht dea-ullmhaithe, ach go mbeidh siad athléimneach freisin in aghaidh suaití agus dúshlán. Agus, ar ndóigh, leagtar síos le Limistéar Eorpach Oideachais láidir an bhunchloch le haghaidh Aontas na Scileanna a bheidh againn amach anseo.

Cé go dtacaíonn beartas oideachais an Aontais leis na Ballstáit, baineann sé le daoine aonair a ullmhú don lucht saothair, ach in éineacht leis sin, baineann sé le hiad a ullmhú don saol agus sochaí a chruthú ina bhfuil meas ar an smaointeoireacht chriticiúil, ar an gcruthaitheacht agus ar an gcomhoibriú. Tá litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin, an t-ilteangachas agus scileanna cumarsáide fíor-riachtanach chun cur ar chumas na saoránach a mbealach a dhéanamh trí chastacht an tsaoil dhomhandaithe. Teastaíonn dlúthchomhar uainn idir tuismitheoirí, scoileanna, pobail, soláthraithe oideachais fhoirmiúil agus soláthraithe oideachais neamhfhoirmiúil. Níor cheart an t-oideachas a theorannú do sheomraí ranga traidisiúnta, ach ba cheart dul níos faide ná sin agus léiriú a thabhairt ar an idirnascacht leanúnach i measc daoine aonair, agus ar na cúlraí daonna agus cultúrtha uile.

Tá ár ndomhain ag athrú go tapa. Ní mór dúinn Aontas Scileanna a chruthú a spreagann cultúr agus meon foghlama a leanfaidh ar feadh an tsaoil – foghlaim ar scoil, san ionad oibre, sa tsochaí. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach teacht ar chomhaontú maidir le bealach nua chun infheistíocht i ndaoine a shainiú agus a mheas, ón mbreith go dtí an tseanaois. Tá torthaí eacnamaíocha agus sochaíocha meántéarmacha agus fadtéarmacha, nach bhfuil a sárú le fáil, ag baint le hinfheistíocht a dhéanamh san oideachas, mar shampla i gcás leanaí atá i mbaol bochtaineachta. Tá gá le bearta uaillmhianacha chun gach cineál oideachais agus oiliúna a aithint. Is iad simpliú agus digitiú na

príomhphrionsabail. Is é an toradh deiridh atá againn go mbeidh na scileanna is gá ag gach duine, beag beann ar a gcúlra nó ar a bpointe tosaigh, chun gairmeacha gairmiúla láidre a thógáil agus chun bheith athléimneach agus solúbtha freisin agus iad ag tabhairt aghaidh ar dheiseanna agus dúshláin athraithe gairme. Cuid lárnach dár rath is ea ár mbeartais chun tacú le múinteoirí agus oiliúnóirí – maidir lena ndálaí oibre, a n-ullmhúchán, a n-acmhainní agus a ndeiseanna gairme.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé d'aidhm agam a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh ar oideachas ardcháilíochta agus ar an deis chun barr a gcumais a bhaint amach, beag beann ar a gcúlra socheacnamaíoch. Is túsphointe luachmhar iad na smaointe agus na moltaí i Moltaí 2022 ón gComhairle maidir le 'Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile' agus maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige.

Rabhadh atá i dtorthaí PISA 2022 nach féidir neamhaird a thabhairt air. Tá gá le gníomhaíocht chinntitheach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, ullmhóidh mé Plean Gníomhaíochta, mar chuid d'Aontas na Scileanna, maidir le Bunscileanna chun cuidiú le gníomhú in aghaidh an laghdaithe imníoch ar chumas daoine 15 bliana d'aois sa litearthacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, agus in aghaidh scileanna digiteacha neamhleora. Díreofar ann ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim a fheabhsú, ar thacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, agus ar thimpeallachtaí tacaíochta éifeachtacha a chur chun cinn chun go n-éireoidh le daltaí agus le mic léinn. Leis an gcur chuige cuimsitheach sin, cuirfear béim, ní hamháin ar fheidhmíocht acadúil, ach freisin ar ról na folláine agus na scileanna soch-mhothúchánacha maidir le torthaí oideachais a fheabhsú.

Tionscnamh eile a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Aontas na Scileanna is ea Plean Straitéiseach don Oideachas ETIM, chun cur ar chumas na hEorpa an t-ionchas san oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) a fheabhsú. Ní hamháin go dtabharfaidh sé sin aghaidh ar an nganntanas múinteoirí cáilithe i réimsí ETIM, ach cuideoidh sé freisin lena áirithiú go mbeidh cion níos airde cailíní agus ban ag tabhairt faoi ghairmeacha ETIM. Tá ionchur an-tábhachtach déanta ag na hacadaimh scileanna maidir le forbairt curaclam cheana féin, rud a chuireann ar chumas go leor earnálacha ETIM oiliúint a chur ar dhaoine de réir riachtanais an tionscail. Chun tógáil ar an méid sin, tabharfaidh na Céimeanna Eorpacha spreagadh breise d'fhorbairt agus d'aitheantas na gclár trasnáisiúnta ETIM. Is féidir linn na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta a chomhtháthú sna tionscnaimh sin freisin chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh san fhoghlaim na fíordhúshláin a bhaineann leis na scileanna sin a úsáid sa chaoi go mbeidh siad ag teacht lenár luachanna agus lenár riachtanais shóisialta.

Ar an iomlán, ní mór leanúint den obair ar an gcéim Eorpach go diongbháilte agus go misniúil, trí oibriú leis na Ballstáit agus leis an earnáil ardoideachais.

Ní mór glacadh le claochlú digiteach iomlán freisin i gcóras oideachais nua-aimseartha. Tá idir dheiseanna agus dúshláin ag baint leis an ré dhigiteach, agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh litearthacht dhigiteach ag gach saoránach. Ní mór don Aontas borradh a chur faoi na hiarrachtaí chun scileanna digiteacha a chur ar fáil ar gach leibhéal, ón luath-óige go dtí an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus inniúlachtaí digiteacha á gcomhtháthú i gcroíchuraclaim. Tá creat daingean leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027, ach ní mór dúinn dlús a chur le hathchóirithe chun spriocanna na Deacáide Digití a bhaint amach. Agus muid ag dul chun tosaigh, ba cheart don Aontas breithniú a dhéanamh ar phríomhréimsí cuir i gcás nascacht scoile, uirlisí digiteacha sa seomra ranga, agus ardscileanna digiteacha i réimsí ar nós na hintleachta saorga, ríomhchláraithe agus cibearshlándála. Mar chuid d'Aontas na Scileanna, tá sé beartaithe agam athbhreithniú cuimsitheach ar an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach a áirithiú.

Tá an t-oideachas inbhuanaitheachta ríthábhachtach chun todhchaí ghlas inbhuanaithe a bhaint amach san Eoraip. Ní mór dúinn an leas is fearr is féidir a bhaint as príomhuirlisí, cuir i gcás, an Creat Eorpach um Inniúlacht Inbhuanaitheachta (GreenComp). D'fhéadfaí tacú le gnéithe glasaithe freisin trí obair Acadamh Múinteoirí agus iad a chuíchóiriú i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil agus na gcuntas foghlama aonair.

Ní mór colún straitéiseach d'Aontas na Scileanna a dhíriú ar dhlús a chur leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint, ós rud é go bhfuil conairí ríthábhachtacha aige chuig an bhfostaíocht agus dlúthnasc leis na scileanna a bhfuil gá ag gnólachtaí leo. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, ullmhóidh mé Straitéis Eorpach um Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint. Tá sé d'aidhm agam, ní hamháin borradh a chur faoi líon na ndaoine a bhfuil céimeanna gairmoideachais agus gairmoiliúna acu, ach cáilíocht, aitheantas agus gné an Aontais den chineál luachmhar oideachais sin a mhéadú, agus ar an gcaoi sin céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a chumasú. Tá ról ríthábhachtach ag ár bpacáiste láidir de chistí an Aontais, atá á bhainistiú go díreach nó faoi bhainistíocht chomhroinnte, maidir le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe agus oibreoidh mé, i gcomhar le mo chomh-

Choimisinéirí, chun ár n-infheistíochtaí a dhíriú ar bhealach níos fearr ar earnálacha straitéiseacha a chuireann deiseanna luachmhara ar fáil dár n-óige freisin.

Ba mhaith liom go mbeimis níos éifeachtaí agus ár nglúine óga á dteagasc faoin Eoraip, faoina luachanna, faoina stair, agus faoina féiniúlacht chomhroinnte atá bunaithe ar an aontacht san éagsúlacht. Luachanna daonlathacha agus rannpháirtíocht dhaonlathach a neartú, féiniúlacht Eorpach agus saoránacht ghníomhach a chothú, tá siad sin i gcroílár na gclár suaitheanta uile, agus Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach san áireamh. Tá ról lárnach ag múinteoirí maidir le haghaidh a thabhairt ar luachanna Eorpacha agus feasacht a mhúscailt ina leith. Má cheaptar mé, oibreoidh mé i gcomhar leis na Ballstáit chun gné Eorpach na múinteoireachta a neartú a thuilleadh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, ba mhaith liom naisc a chruthú leis an obair ar an Sciath don Daonlathas atá faoi stiúir an Choimisinéara um Dhaonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta.

Is cumhacht chomhaontaithe é an t-oideachas agus is gné bhunúsach é de gach daonlathas dea-fheidhmiúil. Tugann Erasmus+ daoine óga as gach cearn den Eoraip le chéile agus déanfaidh mé é a neartú a thuilleadh. Tá sé ríthábhachtach soghluaisteachtaí Erasmus+ a dhéanamh níos cuimsithí fós, go háirithe a chinntiú go mbeidh na daoine is díothaí agus is leochailí in ann tairbhe a bhaint as an gclár freisin, chun comhdhlúthú a dhéanamh, chun féiniúlacht Eorpach a láidriú, ó ghlúin go glúin agus ó náisiún go náisiún. Beidh sé ríthábhachtach feabhas a chur ar thaithí soghluaisteachtaí mac léinn, trí úsáid a bhaint as an digitiú chun a dtaithí a dhéanamh níos luachmhaire fós.

*7. Cad é an plean atá agat do thodhchaí an Limistéir Eorpaigh Oideachais (EEA) atá le cur i gcrích faoi 2025, i gcomhar le haitheantas agus inaistritheacht trasteorann cáilíochtaí, céimeanna agus deimhniúcháin i ngach réimse den oideachas i suíomhanna foirmiúla, neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla? Go sonrach, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat dul i ngleic le saincheisteanna práinneacha atá ann ar fud an Aontais amhail easpa múinteoirí, a n-oiliúint agus a staid ghairmiúil fhorbhásach?*

Is straitéis é an Limistéar Eorpach Oideachais chun oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách, thar theorainneacha, i gcomhréir leis an gcéad phrionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tá an tiomantas sin don chuimsitheacht agus don bharr feabhais san oideachas agus san oiliúint ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh na scileanna riachtanacha - a aithnítear thar theorainneacha - ag na hEorpaigh uile chun go mbeidh rath orthu sa tsochaí agus i margadh an tsaothair, agus chun Aontas na Scileanna a fhíorú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé ar an Limistéar Eorpach Oideachais agus é d'aidhm agam cur chuige coiteann a chur chun cinn maidir le forbairt scileanna, soghluaisteacht foghlama, cáilíocht agus cuimsitheacht. Beidh an obair sin bunaithe ar an bhfianaise a eascraíonn as an meastóireacht ar an Limistéar Eorpach Oideachais, atá fós ar siúl.

Príomhghné den Limistéar Eorpach Oideachas is ea cáilíochtaí a aithint, rud atá ríthábhachtach do shoghluaisteacht foghlaimeoirí, faoin gclár Erasmus+ freisin, agus ríthábhachtach do chúrsaíocht daoine oilte ar fud na hEorpa. Cé go bhfuil an creat i bhfeidhm cheana féin, tá luas míchothrom ag an gcur chun feidhme, agus níl dul chun cinn leormhaith déanta ach ag leath de na Ballstáit. Céim thábhachtach eile i dtreo aitheantas uathoibríoch a chur i gcrích le haghaidh gach foghlaimeora is ea an togra ón gCoimisiún i mí an Mhárta 2024 le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Córas um Dhearbhú Cáilíochta agus Aitheantas. Chun tuilleadh oibre a dhéanamh sa réimse sin, beidh sé mar thosaíocht agam teacht ar chomhaontú tráthúil agus é a chur chun feidhme go cinntitheach.

Le Tionscnamh nua um Inaistritheacht Scileanna, cuirfear ar ár gcumas aitheantas scileanna agus cáilíochtaí a mhéadú. Leis sin, chuirfí creat ar fáil ina bhféadfaí aon chineál scileanna nó cáilíochtaí a fuarthas i dtír amháin nó i gcuideachta amháin a aithint agus glacadh leo i gcuideachta eile chun freastal ar dhaoine agus ar mhargadh an tsaothair ar an mbealach is fearr. Cuideoidh sé le fíorspás Eorpach a chruthú ina mbeidh eolas, scileanna agus tallanna in ann gluaiseacht gan bhac.

Ina theannta sin, ní mór dúinn an t-aitheantas a thugtar do dheimhnithe a leathnú, go háirithe trí Mholadh 2022 ón gComhairle maidir le micridhintiúir. Tá na roghanna foghlama gearra solúbtha sin ríthábhachtach chun lucht saothair na hEorpa a uas-sciliú agus a athsciliú, rud a fhágann go mbeidh an t-oideachas níos inoiriúnaithe do riachtanais ár ngeilleagair atá ag síorathrú. Tacóidh mé go láidir freisin leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus cuirfidh mé bailíochtú na foghlama chun cinn, trí obair óige, cuir i gcás, agus tairgfidh mé cineálacha oideachais agus oiliúna atá rannpháirtíoch agus nuálach, agus iad dírithe ar an bhfoghlaimeoir, a thacóidh freisin leis an bhfoghlaim le haghaidh saoránacht ghníomhach. Is féidir cur le hoideachas níos cuimsithí trí thimpeallachtaí foghlama nach bhfuil chomh foirmiúil céanna, mar shampla obair óige, clubanna spóirt, nó

gníomhaíochtaí cultúrtha. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé d'aidhm agam freisin díriú ar bhealach níos láidre ar ghné foghlama agus scileanna na mbeartas sin, i gcomhar leis an gCoimisinéir um Chothroime Idirghlúine, um an Óige, agus um Chultúr agus Spórt.

Faoi láthair, tá ganntanas múinteoirí in 24 Bhallstát. Is é atá ann mar gheall air sin níos lú múinteoireachta, níos lú tacaíochta agus caillteanas oideachais don chéad ghlúin eile. Tá sé ríthábhachtach dár n-iomaíochas, agus dár gcomhtháthú sóisialta, gur gairm tharraingteach í an mhúinteoireacht. Is ar na Ballstáit go príomha atá an fhreagracht aghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí agus ar a riachtanais oiliúna. Mar sin féin, is féidir leis an Aontas, agus ba cheart dó, tacú leis an iarracht chomhpháirteach sin agus oibriú leis na Ballstáit, le hoideoirí, le comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta agus le foghlaimeoirí – chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin agus ar dhúshláin leanúnacha eile inár gcórais oideachais. Chuige sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, molfaidh mé Clár Oibre de chuid an Aontais maidir le Múinteoirí, a bheidh dírithe ar dhálaí oibre, ar oiliúint agus ar dheiseanna gairme múinteoirí ar fud an Aontais. Féachfaidh mé freisin le Comhghuaillíocht Eorpach Scoileanna a sheoladh chun comhar agus soghluaisteacht trasteorann níos fearr a spreagadh idir scoileanna ar fud na hEorpa. Ní féidir linn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha sin inár gcórais oideachais ach amháin tríd an iarracht chomhpháirteach sin – is é sin teagmháil a dhéanamh leis na Ballstáit, le hoideoirí, le comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta agus le foghlaimeoirí.

*8. San Aontas Eorpach, tá aghaidh á tabhairt againn ar imirce daoine oilte in earnáil an ardoideachais, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat dul i ngleic go gníomhach leis an tsaincheist sin agus cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat 'Comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha' a fhorbairt tuilleadh agus obair a dhéanamh ar an 'gCéim Eorpach' chun aghaidh a thabhairt go sonrach ar na dúshláin sin? Thairis sin, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme reatha chlár Erasmus+ a chur i bhfeidhm in ullmhúchán an chláir Next Generation, agus go sonrach, cén straitéis atá agat chun príomhchuspóirí agus tosaíochtaí an chláir a choinneáil i bhfianaise brúnna buiséadacha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo?*

Ní mór don Eoraip a bheith ina 'ceann scríbe oideachais agus comhlíonta araon' – a mheallann na daoine is tréithí, i ngach earnáil, agus an t-ardoideachas san áireamh, ach atá iomaíoch go leor freisin chun iad a choinneáil, i ngeilleagair agus i sochaithe na hEorpa. Chuige sin, ní mór dár n-ollscoileanna a bheith níos iomaíche agus níos tarraingtí ar an ardán domhanda – beag beann ar an réigiún ina bhfuil siad. Táim lánchinnte de go bhfuil gach a bhfuil gá leis ag an Eoraip chun an uaillmhian sin a chomhlíonadh, agus barr feabhais acadúil forleathan san áireamh. Mar sin féin, is minic a chuirtear teorainn lenár bhfíoracmhainneacht trí ilroinnt agus mionscála. Chun dul i ngleic leis sin, is gá d'ollscoileanna ar fud na hEorpa a bheith ag comhoibriú a thuilleadh agus ag oibriú le chéile.

Chuige sin, ba cheart dúinn an straitéis Eorpach maidir le hollscoileanna a chur chun cinn, a bhfuil sé d'aidhm aici institiúidí ardoideachais ar fud na hEorpa a chumhachtú agus a neartú. Le ceann dá thionscnaimh shuaitheanta, tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, a fhaigheann tacaíocht faoi Erasmus+, tugtar ollscoileanna ó gach cearn den Eoraip le chéile, ó cheantair thuaithe agus na réigiúin is forimeallaí freisin, chun comhoibriú níos dlúithe le chéile. Trí champais Eorpacha idir-ollscoileanna a bhunú, d'fhéadfadh comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha rochtain a thabhairt do mhic léinn ar rogha oideachais níos saibhre agus níos fearr, i gcomhar le ranna taighde agus le gnólachtaí. Ligeann sé sin do mhic léinn tacar scileanna agus inniúlachtaí níos leithne, níos éagsúla agus níos dírithe ar an todhchaí a fhorbairt, de réir mar a chuireann ollscoileanna a gcuid saineolais, eolais agus acmhainní le chéile, agus ar an gcaoi sin déantar láidreachtaí comhlántacha nach bhfuil ar fáil in aon institiúid amháin a thabhairt le chéile. Le comhghuaillíochtaí den sórt sin, spreagtar cúrsaíocht chothrom daoine oilte agus tugtar deiseanna uathúla do mhic léinn céim ardleibhéil a bhaint amach, agus soghluaisteacht ionsuite inti - rud lena gcuimsítear tréimhsí staidéir i roinnt tíortha Eorpacha. Mar sin, ní mór dúinn na céimeanna sin a bhfuil gealladh fúthu a thabhairt ar aghaidh, agus níos mó ollscoileanna a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa chur chuige sin agus na buntáistí a thaispeáint d'oideoirí, do mhic léinn agus d'fhostóirí amach anseo.

Leis an Treoirphlean le haghaidh Céim Eorpach, a raibh roinnt comhghuaillíochtaí Ollscoileanna Eorpacha ina gceannródaithe ann, cuirtear deiseanna nua ar fáil do gach institiúid ardoideachais céim a bhfuil an-tóir uirthi agus a aithnítear go ginearálta a chur ar fáil dá mic léinn, cuir i gcás, in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Eoraip. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé an obair sin ar aghaidh agus díreoidh mé ar an gcéim Eorpach a thabhairt i gcrích ar an láthair, leis na Ballstáit, le Parlaimint na hEorpa agus le páirtithe leasmhara ardoideachais, ar mhaithe le todhchaí ár mac léinn agus na hEorpa. Ba mhaith liom ceann de mo chuid idirphléití cur chun feidhme a dhíriú ar iniúchadh a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh a bheith ag cur moill ar an ábhar sin.

Le breis agus 35 bliana anuas, tá Erasmus+ ag tacú le daoine tairbhe a bhaint as an tsoghluaisteacht foghlama agus inniúlachtaí agus scileanna nua a fháil, mar shampla ionbhá, muinín, oscailteacht, smaointeoireacht chriticiúil, meas ar an éagsúlacht agus saoránacht ghníomhach. Le clár Erasmus+ athnuaite agus neartaithe, cuirfear an t-iomaíochas agus an cuimsiú sóisialta chun cinn agus cuideofar lenár luachanna daonlathacha a chaomhnú. Sa chomhthéacs sin, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé leis an méid atá bainte amach ag an gclár chun cás láidir a dhéanamh don chéad ghlúin eile. Táimid an-uaillmhianach. Iarradh i dtuarascáil Draghi go mbeadh 'Erasmus do chách' ann agus léiríodh é sin freisin sa Mholadh ón gComhairle maidir leis 'An Eoraip ag Gluaiseacht'. Sáraíonn an t-éileamh ar shoghluaisteacht foghlama agus ar chomhar an méid is féidir leis an gclár atá ann faoi láthair freastal air inniu. Mar a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla, ní mór dúinn Erasmus+ a neartú, agus, mar chuid de sin, amhlaidh a dhéanamh le haghaidh na gairmoiliúna freisin. Is deis é an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile chun ár n-infheistíocht san oideachas a dhéanamh níos simplí agus níos éifeachtaí. Dá bhrí sin, ní mór dúinn na gníomhaíochtaí atá ann cheana a threisiú, agus feabhsuithe agus simplithe breise a mholadh chun coinneáil suas le domhan atá ag athrú go tapa agus chun borradh a chur faoin gcomhar Eorpach agus idirnáisiúnta. Tá deis ar leith ag Erasmus+ muintir na hEorpa a thabhairt níos gaire dá chéile agus an t-iomaíochas, an cuimsiú, an rannpháirtíocht dhaonlathach agus bunluachanna an Aontais a chur chun cinn.

<u>Ceist ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile:</u>

*9. I bhfianaise a phráinní atá sé go mbeadh cultúr ullmhachta ag an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dár slándáil agus do shábháilteacht ár sochaí, cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat cur lenár gcumas san Aontas, feabhas a chur ar bhrath bagairtí agus freagairt chomhordaithe ar ghéarchéimeanna a oibríochtú ar bhealach tapa éifeachtach?*

Ós rud é go bhfuil méadú mór tagtha ar líon agus ar chastacht na rioscaí aeráide, sóisialta, teicneolaíochta slándála agus geopholaitiúla atá ag bagairt ar an Aontas, tá sé ríthábhachtach go bhforbróidh an tAontas cur chuige níos straitéisí, níos cuimsithí agus níos comhtháite maidir le bainistiú géarchéime.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, treoróidh mé an obair i dtreo Straitéis de chuid an Aontais um Aontas na hUllmhachta, rud a thógfaidh ar an tuarascáil maidir le hullmhacht shibhialta agus mhíleata an Aontais a chuirfidh iar-Uachtarán na Fionlainne Sauli Niinistö i láthair.

Is é an sprioc atá ann Aontas níos láidre agus níos ullmhaithe a chruthú, Aontas a bheidh bunaithe ar chur chuige uile-shochaí, uile-rialtais, uile-ghuaise agus trasearnála i leith na hullmhachta, agus ar chomhar sibhialta-míleata níos dlúithe.

Cuimsítear leis sin na scileanna is gá a thabhairt do shaoránaigh, mar chuid den obair níos leithne atá á déanamh agam maidir le scileanna agus oideachas. Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit ullmhú do speictream iomlán na ngéarchéimeanna agus na suaití nádúrtha nó de dhéantús an duine, ó bhagairtí slándála, cuir i gcás, bagairtí hibrideacha agus, níos mó ná riamh, bagairtí a bhfuil cibirghné ag baint leo, go tubaistí arb iad an t-athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil is cúis leo, a mbeidh tionchair leantacha acu ar earnálacha eile dár sochaí, mar shampla an tsláinte, an cúram sóisialta agus an talmhaíocht.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um Ullmhacht agus Bainistiú Géarchéime san iarracht sin. I mo cháil mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, geallaim go gcabhróidh mé leis an iliomad snáitheanna oibre éagsúla atá i gceist a thabhairt le chéile. Oibreoidh mé go dlúth le mo chomh-Choimisinéirí uile agus lenár mBallstáit d'fhíormheon Fhoireann na hEorpa. Le Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta, leagfar síos an bhunchloch lena gcuirfear feabhas ar chumas na hEorpa leochaileachtaí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu go réamhtheachtach trí chleachtaí agus trí thástáil, agus ansin géarchéimeanna a chosc, a sheasamh agus freagairt dóibh, ar bhealach dea-chomhordaithe comhtháite.

Ní ag tosú ón nua atáimid: tá uirlisí tábhachtacha forbartha ag an Aontas cheana féin chun géarchéimeanna a chosc, a bhrath agus freagairt ar ghéarchéimeanna a chomhordú, mar shampla an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, agus leanfaimid de bheith ag cur leis na hionstraimí sin. Tá cúltaca straitéiseach an Aontais d'acmhainneachtaí freagartha ('rescEU') san áireamh sa mhéid sin, agus is gá é a choinneáil ar bun agus a neartú a thuilleadh.

Is féidir linn tógáil ar an taithí a fuarthas ó na huirlisí agus na hionstraimí earnála bainistithe géarchéime atá ann cheana a forbraíodh i réimsí éagsúla agus ar leibhéil éagsúla, mar shampla, ullmhacht shibhialta agus mhíleata, agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéimeanna roimhe seo á leanúint – cuir i gcás creat neartaithe slándála sláinte an Aontais a bunaíodh tar éis phaindéim COVID-19 nó an obair ar fhrithbhearta leighis a fhorbairt.

Faoi scáth Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála, tá raon beart reachtach agus oibríochtúil glactha ag an Aontas a fhágann gur fearr atá an tAontas in ann freagairt do dhúshláin slándála ná mar a bhí sé 5 bliana ó shin. Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun cur chun feidhme reachtaíochta nua a áirithiú, rud a bheidh ríthábhachtach chun ullmhacht le haghaidh bagairtí agus leochaileachtaí slándála a chinntiú.

Ach ní féidir leis an ullmhacht a bheith ina hábhar eisiach a bhaineann le rialtais agus institiúidí amháin a thuilleadh. I bhfianaise chastacht agus chineál trasearnálach na mbagairtí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, beidh rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach, na dteaghlach agus na ngníomhaithe sochaíocha ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal náisiúnta ríthábhachtach chun ullmhacht an Aontais a neartú, cumais nua a fhorbairt, agus freagairt chomhordaithe ar ghéarchéimeanna a chur i ngníomh ar bhealach tapa agus éifeachtach. Is féidir ról lárnach a bheith ag tionscnaimh nua atá dírithe ar scileanna agus acmhainneacht a fhorbairt maidir leis an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna, ina mbeidh comhpháirtithe sóisialta, institiúidí oideachais agus an earnáil phríobháideach rannpháirteach chun a chinntiú go mbeidh gach saoránach ullamh.

Tástáil ar ár ndiongbháilteacht agus ar ár ndlúthpháirtíocht is ea ár gcumas freagairt do chibearbhagairtí, do bhagairtí sláinte nó do thubaistí nádúrtha. Is féidir linn muid féin a ullmhú trí dhaoine a chumhachtú leis na scileanna cearta, ar nós gairmithe cúraim sláinte agus freagróirí éigeandála go saineolaithe cibearshlándála agus bainisteoirí lóistíochta, áit a bhfuil aghaidh á tabhairt againn ar ghanntanas sainscileanna. Beidh ról lárnach ag an oideachas maidir le riosca freisin, go háirithe i gcás grúpaí leochaileacha.

Agus muid ag tógáil ar na hacmhainneachtaí atá againn cheana agus iad á ngrúpáil againn, neartóimid ár gcumas réamh-mheasta, cuirfimid feabhas ar ár gcórais luathrabhaidh agus braite agus déanfaimid anailís ar na bearnaí i gcumais an Aontais ar fud na n-earnálacha. Thaispeáin paindéim COVID-19 agus an cogadh i gcoinne na hÚcráine dúinn conas a scaipeann agus a leathann géarchéimeanna ó earnáil go hearnáil, i bhfianaise na dtrasnasc agus na n-idirspleáchas fairsing, rud a éilíonn réitigh agus comhordú trasearnála, a mbíonn gné inmheánach agus sheachtrach ag baint leo go minic. Táim tiomanta do thuiscint thrasearnálach ar riosca agus do réamhanailís riosca a chur chun cinn. Tá rún daingean agam é sin a chur i gcrích ar mhaithe lenár sochaí agus lenár saoránaigh.

<u>Ceist ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne</u>

*10. Cad iad na tionscnaimh atá beartaithe agat chun an bhearna phá, an bhearna ghairme agus an bhearna phinsin idir na hinscní a dhúnadh agus chun dul i ngleic leis an deighilt chothrománach, agus chomh maith leis sin, chun cailíní agus mná a chur chun cinn in oideachas agus i ngairmeacha ETIM, agus idirdhealú de gach cineál a chosc, ionas gur féidir leis an Eoraip leas a bhaint as a tallann agus as a hacmhainneacht uile? Chomh maith leis sin, i bhfianaise na mbearnaí inscne, tá baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta san Aontas níos airde do mhná ná d'fhir. Tá baol ann i gcás ban a bhfuil freagrachtaí cúraim neamhfhoirmiúil orthu do ghaolta cleithiúnacha nach mbeidh na mná sin in ann dul isteach san fhostaíocht fhoirmiúil agus is iad is mó atá i mbaol na bochtaineachta. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat feabhas a chur ar dhálaí oibre, ar fhorbairt gairme agus ar uas-sciliú do mhná i gcomhthéacs an chreata nua chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an lucht saothair cúraim fhadtéarmaigh? Maidir leis an gcéad Straitéis Frithbhochtaineachta riamh atá beartaithe don Choimisiún seo, conas a chinnteoidh tú go bhfreastalóidh an Straitéis nua ar na mná sin sna cásanna is forbhásaí agus is leochailí, amhail mná gan dídean agus máithreacha aonair?*

Is bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas agus is bunphrionsabal é le haghaidh na hoibre ar fad a dtabharfaidh mé fúithi i m'fheidhm. Is sárú ar chearta bunúsacha é an neamhionannas inscne. Agus is bac ollmhór eacnamaíoch é freisin a chuireann cosc ar an Eoraip ar fad a hacmhainneacht iomlán a bhaint amach, bac ag a bhfuil tionchair fhadtéarmacha ar ár n-iomaíochas agus ar ár dtáirgiúlacht.

Tá acmhainneacht chlaochlaitheach ag roinnt gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a rinneadh le déanaí chun feabhas a chur ar shaol na mban agus ar a rannpháirtíocht sa gheilleagar. Áirítear leis sin go háirithe na Treoracha maidir le trédhearcacht pá, cothromaíocht inscne ar bhoird cuideachtaí, cothromaíocht oibre is saoil, agus pá íosta leordhóthanach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, áiritheoidh mé cur chun feidhme cuí na n-ionstraimí sin, agus oibreoidh mé go dlúth le mo chomhghleacaithe ábhartha sa Choláiste, agus éascóidh mé iarrachtaí na mBallstát nuair is gá.

Maidir le dul i ngleic le bearnaí idir na hinscní i margadh an tsaothair, cuir i gcás, an bhearna phá idir na hinscní, an bhearna ghairme idir na hinscní, an bhearna fostaíochta idir na hinscní agus an bhearna phinsin idir na hinscní, oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um Chomhionannas chun an Straitéis nua um Chomhionannas Inscne tar éis 2025 a fhorbairt, rud a chuimseoidh ár ngníomhaíochtaí nithiúla sa réimse sin. Beidh ról lárnach ag an

bPlean Gníomhaíochta nua um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, mar aon lena phrionsabail maidir le comhionannas inscne, comhionannas deiseanna agus cothromaíocht oibre is saoil, san ábhar sin freisin.

Oibreoidh mé chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus steiréitíopaí inscne a mhéid a bhaineann le hoideachas agus gairmeacha. Mar shampla, faoin tionscnamh 'Girls Go Circular', tá oiliúint curtha cheana féin ar os cionn 47 000 cailín ar fud Bhallstáit an Aontais i scileanna digiteacha, fiontraíochta agus glasa, agus leanfaidh mé ar aghaidh sa treo sin. Thairis sin, le Erasmus+ táimid ag tacú freisin le tionscadail a fhorbraíonn bealaí chun na bacainní a shárú lena gcuirtear cosc ar chailíní agus ar mhná dul i mbun gairmoideachais agus gairmoiliúna in earnáil na teicneolaíochta glan-nialasaí agus i réimsí gaolmhara. Tá sé sin ríthábhachtach, ós rud é go mbeidh go leor de na deiseanna a chruthaítear leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach i ngairmeacha teicniúla a bhfuil ceannas ag fir orthu go traidisiúnta, agus ní féidir linn gan leas a bhaint as tallann leath an daonra.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé gné na hinscne a chomhtháthú sna tionscnaimh scileanna agus oideachais atá faoi mo chúram. Agus rachaidh mé i ngleic go cuí leis an deighilt chothrománach i margadh an tsaothair. Is cúiseanna tábhachtacha iad sin leis an mbearna phá idir na hinscní. Beidh sé ar cheann de phríomhspriocanna an Phlean Straitéisigh um Oideachas ETIM neamhionannais inscne in oideachas ETIM a shárú. Is féidir le modheolaíochtaí leordhóthanacha teagaisc agus foghlama spreagadh, spéis agus rannpháirtíocht na mac léinn uile in ETIM a ardú – cailíní san áireamh. Is féidir le hoideachas inscne-íogair múinteoirí cuidiú le bacainní institiúideacha a shárú agus rochtain níos leithne ar oideachas ETIM a chur chun cinn. Is féidir tionscnaimh ar nós 'Girls Go Circular' a fhorbairt a thuilleadh trí oiliúint speisialaithe a chur ar fáil d'oideoirí in ábhair ETIM, trí rochtain ar uirlisí teagaisc agus líonrú a chur ar fáil, agus tríd an oideachas agus earnáil na tionsclaíochta a nascadh.

Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar dhúshláin chomhionannais, cuir i gcás, comhionannas inscne san obair i dtreo Straitéis Frithbhochtaineachta de chuid an Aontais. Chun aghaidh a thabhairt ar staid na ndaoine is leochailí, mar shampla daoine gan dídean, máithreacha aonair, agus daoine faoi mhíchumas, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bochtaineachta. I gcomhréir leis an bparaidím um chuimsiú gníomhach, tá sé i gceist agam tosca éagsúla a chur san áireamh amhail ioncaim neamhleora, bearnaí sa rochtain ar mhargadh an tsaothair agus bearnaí sa rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus seirbhísí fíor-riachtanacha, cuir i gcás, fuinneamh agus iompar. Is minic a bhíonn na bearnaí sin de chineál inscneach.

Le gníomhaíochtaí a thacaíonn le rannpháirtíocht níos airde na mban i margadh an tsaothair, chuideofaí leis an mbearna phinsin idir na hinscní a dhúnadh freisin, rud a léiríonn go príomha an neamhionannas inscne le linn an tsaoil oibre agus cumas athdháilte ár gcóras leasa shóisialta. Ba cheart dúinn leanúint freisin d'fhaireachán a dhéanamh ar bhearnaí pinsin agus aird ar leith a thabhairt ar neamhionannais struchtúracha, ar an idirdhealú agus ar chlaontacht inscne i bpinsin seanaoise.

Tá an cúram i gcroílár an neamhionannais inscne agus is cuid lárnach den réiteach é.

Feicimid ualach díréireach ó fhreagrachtaí cúraim a mbíonn tionchar acu ar cibé acu is féidir nó nach féidir le mná tabhairt faoi obair ar íocaíocht agus conas is féidir leo é sin a dhéanamh. Chun tacú le rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair ar feadh an tsaoil, ní mór dúinn seirbhísí cúraim ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana a áirithiú ar fud an Aontais agus feabhas a chur ar staid na bhfaighteoirí cúraim agus na ndaoine a thugann aire dóibh go gairmiúil nó go neamhfhoirmiúil araon. Dá bhrí sin, leanfaidh mé den obair ar chur chun feidhme Straitéis Cúraim na hEorpa agus, go háirithe, ar chur chun feidhme an dá Mholadh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige, agus maidir le cúram fadtéarmach, agus cuirfidh mé dlús breise leis an obair sin.